Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

## Ardleibhéal

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2011**

(Iomlán na Marcanna: 300)

| **GRÁDÚ** | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála seo á leamh agat, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais** - roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile.*
- *Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a gcuirtear an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**1. Anuncio –Trabajando como voluntario.**

**(1+1+1) + (2+2) + (1+1+1) mharc = 10 marc**

a. (i) Cultúrtha. (ii) Sóisialta. (iii) Comhshaoil. **(1+1+1 mharc)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: Do roghanna gairme a fheabhsú/
foghlaim faoi chultúr eile/d'fhorbairt phearsanta
(a fheabhsú). **(2+2 mharc)**

c. **Trí cinn** díobh seo: Aois/scileanna/teangacha/uimhir (ghutháin phóca) **(1+1+1 mharc)**

**2. Diálogo – Entrevista con una jugadora de pádel.**

**(2+2) + (2+2) + 2 + (2+2) mharc = 14 marc**

a: **Dhá cheann** díobh seo: Cosúil leis an leadóg/ar chúirt/le raicéad agus liathróid/
Dronuilleog 10m × 20m. **(2+2 mharc)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: Stroighin/Féar sintéiseach/Cairpéad. **(2+2 mharc)**

c. Bitheolaíocht. **(2 mharc)**

d. (i) Imirt chomh maith agus is féidir i ngach comórtas/turnaimint.

(ii) An craobhchomórtas a bhuachan. **(2+2 mharc)**

**3. Diálogo – Hablando con Vicente del Bosque, seleccionador español de fútbol**

**(2+2) + (2+2) + (2+2) mharc = 12 mharc**

a: **Dhá cheann** díobh seo: Tá sé foighneach/dícheallach/umhal. **(2+2 mharc)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: Múineadh dóibh a bheith umhal/conas dul san iomaíocht/
conas imirt mar bhall d'fhoireann/
oideachas a chur orthu trí spórt. **(2+2 mharc)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: An brú ar a bpáistí a laghdú/
gan dóchas bréagach a chruthú/
(is é an príomhrud ná) go mbaineann siad taitneamh
as sacar a imirt. **(2+2 mharc)**

**4. Descriptivo – Los libros digitales**

**(2+2) + 2 + (1+1) + 2 mharc = 10 mharc**

a: **Dhá cheann** díobh seo: Níor chuala (leath de) na Spáinnigh trácht orthu riamh/
modh nua léitheoireachta/
cuireadh ar díol iad 4 bliana ó shin/
(cosnaíonn siad) idir 200 agus 400 euro/
ar díol i siopaí leabhar agus i siopaí leictreonacha. **(2+2 mharc)**

b. Tá an ríomhleabhar (ina ghnó anois) as a ndéantar a lán airgid. **(2 mharc)**

(c) (i) 375,000 (leabhar).

(ii) 10 (ndollar). **(1+1 mharc)**

d. Is féidir leat a lán leabhar a iompar/a bheith agat/a choinneáil
(mar go bhfuil siad éadrom). **(2 mharc)**

**5. Descriptivo – El paro en España entre la gente joven**

**(2+2) + 2 + (2+2) + (1+1) mharc = 12 mharc**

a: **Dhá cheann** díobh seo: Tá sé níos airde ná (an meán) ar an mór-roinn/
tá 40% dífhostaithe/
an (ráta) is airde (dífhostaíocht i measc daoine óga)
i limistéar an Euro. **(2+2 mharc)**

b. Tá siad i mbaol eisiamh sóisialta. **(2 mharc)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: Teagmháil le daoine eile a chailleadh/
níl an méid céanna airgid acu le deoch a fháil
[le dul amach]/
ní féidir aon rud a dhéanamh a bhaineann le hairgead. **(2+2 mharc)**

(i) (Tugann sé ciall dá bh)féiniúlacht (dóibh);

(ii) (Ligeann sé dóibh a bheith) neamhspleách ar a dtuismitheoirí. **(1+1 mharc)**

**6. El tiempo**

**(2+2) + 2 + (1+1) + (2+2) mharc = 12 mharc**

a: **Dhá cheann** díobh seo: (Tugann) an ghaoth aduaidh/
Scamaill/báisteach éadrom nó báisteach ó am go chéile. **(2+2 mharc)**

b. Éireoidh sé níos laige. **(2 mharc)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: Drochspéir nó spéir mhodartha/ceathanna/le sneachta. **(1+1 mharc)**

d. **Dhá cheann** díobh seo: Ardóidh an teocht san oíche/ní athróidh an teocht sa lá/
27˚ an teocht uasta **(2+2 mharc)**

**7.** **Una Noticia – Las cuevas de Altamira vuelven a abrir.**

**2 + 2 + (2+2) + 2 mharc = 10 mharc**

a. D'fhéadfadh teas/coirp (na gcuairteoirí) dochar a dhéanamh do na pictiúir/ don phéintéireacht. **(2 mharc)**

b. Cuirfear tús le cuairteanna ar na pluaiseanna ón Eanáir (seo chugainn), (ar mhodh srianta.) **(2 mharc)**

**Dhá cheann** díobh seo: 21 péintéireacht (de bhíosún)/
péinteáilte le lí dhearg agus lí dhubh/
péinteáilte ar (aol)chloch. **(2+2 mharc)**

d. Idir 14,000 agus 20,000 (bliain d'aois). **(2 mharc)**

**10 + 14 + 12 + 10 + 12 + 12 + 10 = 80 m**

**1. (a) Litríocht Dualgais – *La aventura de Saíd*** **(50 marc)**

**C. 1** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *se enterarían* **(3 mharc)**
(b) *le vio aproximarse* **(3 mharc)**
(c) *asunto* **(3 mharc)**

**C. 2** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) Bhí sí ag troid in aghaidh mhothúchán an fhaitís/na heagla. **(3 mharc)**
(b) Tar éis roinnt fiosrúchán héanamh. **(3 mharc)**
(c) Bheadh doicheall roimhe. **(3 mharc)**

**C. 3** **4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon trí cinn díobh seo:** **(4+3+3 mharc)**
Tá mearbhall / eagla / dúlagar uirthi.
Tá imní uirthi an t-am ar fad.
Ba mhaith léi dul ar aghaidh mar ba ghnách ach ní féidir léi mar gheall ar líon na bpóilíní i láthair.
Bhí sí ag troid in aghaidh mhothúchán an fhaitís/na heagla.

**C. 4** **4 + 3 + 3 = 10 marc**

Bhí sé míshuaimhneach/bhí imní air **(4+3+3 mharc)**
Cheap sé go mb'fhéidir go raibh sí in amhras faoin gcaidreamh eatarthu.
Bhí sé ag iarraidh rud éigin a dhéanamh a thabharfadh cúnamh di.

**C. 5** **3 + 3 + 3 + 3 = 12 mharc le haghaidh aon cheithre phointe ábhartha**

Chun iomlán na marcanna a fháil, ní mór d'iarrthóirí an caidreamh a rianú ón tús in Xauen. **(3 + 3 + 3 + 3 mharc)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta** **(50 marc)**

**Si nunca fuimos amigos, ¿por qué ahora?**

**C. 1 4 mharc × 5 = 20 marc**

(a) D'fhéadfadh go mbeidh duine a raibh aithne againn air/uirthi tráth agus nach bhfuil aon suim againn ann/inti a thuilleadh ag iarraidh dul i dteagmháil linn arís. **(4 mharc)**

(b) **Dhá cheann** díobh seo: Beannaíonn tú dóibh/déanann tú comhrá (ar feadh tamaill)/ fágann tú slán acu/agus sin é. **(2+2 mharc)**

(c) **Dhá cheann** díobh seo: Eagla go scaipfear eolas go mídhiscréideach/ Níl na mic léinn ag obair/(ceisteanna a bhaineann le) príobháideacht. **(2+2 mharc)**

(d) Ionchais ghairme. D'fhéadfadh go bhfeicfeadh ceannasaithe (nó comhghleacaithe) seanghrianghraif sa todhchaí. **(2+2 mharc)**

(e) (i) go mbeidh mic léinn in ann eolas a fhaigheann siad a fhíorú/a sheiceáil.
(ii) nach gcreidfidh siad an chéad rud a léann siad. **(2+2 mharc)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *al mismo tiempo* **(4 mharc)**
(b) *retomar el contacto* **(4 mharc)**
(c) *correctamente* **(4 mharc)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) Agus ansin an t-iarratas ar chairdeas a dhiúltú. **(4 mharc)**
(b) Tá na húdaráis oideachais in go leor tíortha ag ullmhú ábhair (cúrsa) maidir leis an bpríobháideacht. **(4 mharc)**
(c) Ní amháin go gcuireann an tIdirlíon deiseanna ar fáil tá rioscaí ag baint leis chomh maith. **(4 mharc)**

**C.4 (6 mharc)**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh as an gceist seo.]

**2.** **(a)** agus **(b) 2 + (2+2) + (2+2) + (2+2) + 2 +(2+2) = 20**

**(a) El Camino Inca**

(i) Thóg sé saoránaigh agus/nó feidhmeannaigh Impireacht na nInceach go dtí Machu Picchu, an chathair bheannaithe **(2 mharc)**

**(ii)** **Dhá cheann** díobh seo: pábháilte le bloic charraige/tá céimeanna/ tolláin/ droichid (adhmaid) ann/a thrasnaíonn aibhneacha/gleannta/dufair/ na hAindéis (fuara, arda) **(2+2 mharc)**

(iii) Leanann sé an **cósta**/téann sé trí na **sléibhte**./Trasnaíonn sé **foraois [dufair]** na hAmasóine.
[Glac freisin le heolas faoin tírdhreach ó Alt 2 i.e. Aibhneacha/gleannta etc. murar baineadh úsáid astu cheana chun (ii) a fhreagairt] **(2+2 mharc)**

**(b) El 70% de los colegios públicos**

(i) Obair a mhéadaíonn sábháilteacht agus a laghdaíonn líon na dtimpistí (i scoileanna). **(2+2 mharc)**

(ii) Ag deireadh na (scoil)bhliana. **(2 mharc)**

(iii) Leithris/fearais leictreacha/bealaí éalaithe/giomnáisiamaí/clóis scoile/ páirceanna nó cúirteanna (spóirt). **(2+2 mharc)**

## ROINN B

**LA NUEVA POBREZA** **(100 marc)**

**C. 1 3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a) *rasgos específicos* **(3 mharc)**
(b) *les faltan recursos suficientes* **(3 mharc)**
(c) *gente en paro reciente* **(3 mharc)**
(d) *de hecho* **(3 mharc)**
(e) *en exclusiva* **(3 mharc)**

**C. 2 5 mharc × 3 = 15 mharc**

(a) Ní raibh siad riamh ar an ngannchuid/Ní raibh siad riamh bocht **(5 mharc)**
(b) Tá sé i ndán do mhórán acu bheith i bhfíor-chruachás sa deireadh thiar. **(5 mharc)**
(c) Éiríonn leo éalú ón staid ina bhfuil siad, nó beidh siad scoite amach ón saol mór. **(5 mharc)**

**C. 3 1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní tugtar marcanna ar fhocail bhreise.
(a) *salarios* **(1 mharc)**
(b) *bloqueadas* **(1 mharc)**
(c) *cargas* **(1 mharc)**
(d) *un matrimonio* **(1 mharc)**
(e) *paro* **(1 mharc)**

**C. 4 (2+2 mharc) + (2+2+2 mharc) + (2+2+1 mharc) = 15 mharc**

**(a) Dhá cheann** díobh seo: Coinníollacha nua oibre/pinsin ísle/pá íosta [íseal]/
costas maireachtála níos airde/inimirce/
teipeanna i gcúrsaí oideachais **(2+2 mharc)**

(b) **Trí cinn díobh** seo: Daoine meánaicmeacha/
daoine a bhfuil poist neamhsheasmhacha acu/
máithreacha singile (a bhfuil cúraimí teaghlaigh orthu)/
Lánúineacha óga a bhfuil leanaí beaga acu/
daoine atá dífhostaithe le deireanas. **(2+2+2 mharc)**

(c) **Trí cinn** díobh seo: Ioncam níos mó ná €2,500 sa mhí/
Bhí ragobair aige/Bhí árasán ar luach €350,000 acu/
Bhí morgáiste €1,000 (in aghaidh na míosa) acu/
(Chaith said) éadaí deasa/
Cheannaigh siad teilifíseán plasma agus ríomhaire/
Chuaigh na páistí chuig an gcaifitéire sa scoil/
chuig cispheil agus ranganna Béarla. **(2+2+1 mharc)**

**ROINN B Ceist 5 IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le marcáil C. 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID 25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe don chainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA 25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal.<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Stór focal measartha maith – leordhóthanach agus cuí ar an iomlán<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe/gramadaí | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Fadhbanna le stór focal – raon teoranta ó thaobh stór focal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair ar aird:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

## ROINN C

***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1: Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a) COMHRÁ A CHUMADH 30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 × 6 = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b) LITIR/RÍOMHPHOST 30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann.
*[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe.*
*Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.*
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe ar fad a dhéanamh.*
*Treoirlínte mar Cheist 1 (a).]* **(5 × 6 = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar)**

| | |
|---|---|
| 6 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Briathra/litriú cruinn.<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| 4 - 5 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Na briathra ceart ar an iomlán.<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe. |
| 2 - 3 mharc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| 1 mharc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith.
Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc an ceann. **(4 × 5 = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 Marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc an ceann. **(4×5 = 20 marc)**

Tabhair ar aird: In C. 2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a thabhairt ar **mhiondearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den táirgeadh scríbhneoireachta ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir/R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir/r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir/r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt. Chun iomlán na marcanna a thuilleamh, ba chóir d'iarrthóirí ar a laghad a dó nó a trí d'abairtí a scríobh ar gach pointe.

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHODHNAITHE

Cuirfear scéim mharcála mhodhnaithe i bhfeidhm ar obair iarrthóirí ar deonaíodh ceann amháin de na socruithe seo a leanas dóibh, nó meascán de níos mó ná ceann amháin díobh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacrachta foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacrachta fisicí*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh an litriú agus an ghramadach acu a tharscaoileadh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí.  Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Tá an Scéim Mharcála Mhodhnaithe le cur i bhfeidhm ar an Litríocht Dualgais C.1(a), 1;

agus ar an Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Tá an Scéim Mharcála Mhodhnaithe le cur i bhfeidhm ar C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Tá an Scéim Mharcála Mhodhnaithe le cur i bhfeidhm ar an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.
Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.
Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu ach samhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD.  Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.